**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

**TÉACSANNA ARNA nGLACADH**

# P10_TA(2025)0127

## An comhaontú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chonartha um Chairt Fuinnimh: glacadh ag Euratom

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Meitheamh 2025 ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an Comhaontú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chonartha um Chairt Fuinnimh idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit a ghlacadh (COM(2024)0256 – C10-0092/2024 – 2024/0146(NLE))**

**(Comhairliúchán)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2024)0256),

– ag féachaint d’Airteagal 203 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C10-0092/2024),

– ag féachaint do Riail 84 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A10-0008/2025),

1. ag formheas an togra ón gCoimisiún;

2. á iarraidh ar an gComhairle fógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag Parlaimint na hEorpa;

3. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa an athuair má tá sé ar intinn aici an téacs atá formheasta ag Parlaimint na hEorpa a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.